2024/3170

31.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3170 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2024

lena leagtar síos forálacha mionsonraithe a bhaineann leis an scéim dheonach lipéadaithe comhshaoil chun measchán a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil eitiltí, arna bunú de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Lipéad Astaíochtaí Eitilte)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(11) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2023/2405 bunaítear scéim dheonach lipéadaithe comhshaoil lena bhféadfar feidhmíocht chomhshaoil na n-eitiltí a thomhas, ar scéim í atá ar oscailt do na hoibreoirí aerárthaí uile a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin.

(2) Chun é a chur ar a gcumas do thomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le heitiltí agus modhanna malartacha eile iompair, ba cheart modheolaíocht láidir, iontaofa, thrédhearcach agus chomhchuibhithe a leagan síos leis an Rialachán seo chun measchán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte trí úsáid a bhaint as sonraí príomhúla, agus rialacha maidir le hastaíochtaí eitilte a chur in iúl do phaisinéirí. Ós rud é gurb é toradh na modheolaíochta measchán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte, ba cheart téarma a úsáid sa Rialachán seo le haghaidh an lipéid sin a léiríonn go dlúth an mhodheolaíocht a úsáidtear. Sin é an fáth ar cheart Lipéad Astaíochtaí Eitilte a thabhairt ar an lipéad.

(3) Ba cheart d'oibreoirí aerárthaí atá ag iarraidh go n-eiseofar lipéid dá n-eitiltí iarratas a dhéanamh chuig Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (an 'Ghníomhaireacht') luath go leor roimh ré, ionas gur féidir leis an nGníomhaireacht agus leis an oibreoir aerárthaí araon an bonneagar tuairiscithe agus an bonneagar digiteach ábhartha a ullmhú.

(4) Leis an modheolaíocht chun measchán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart a áirithiú go mbeidh na leibhéil is airde trédhearcachta agus inrianaitheachta ann i leith na measchán agus na dtoimhdí bunúsacha ar cheart dóibh a bheith i gcomhréir i gcónaí le gníomhartha an Aontais atá ar na bacáin maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair.

(5) Ba cheart measchán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte bunaithe ar mheánfheidhmíocht eitiltí roimhe seo mar fheidhm de mheánfheidhmíocht chomhshaoil na mbreoslaí eitlíochta a úsáidtear chun gach eitilt a oibriú agus de mheánídiú breoslaí eitlíochta sa tréimhse sceidealaithe chomhfhreagrach roimhe sin. Is iad an dá thoisc sin na tosca is iontaofa agus is láidre chun measchán cruinn a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte. Mar gheall ar na teorainneacha teicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le teacht ar an leibhéal sin mionsonraí maidir leis na baisceanna beachta breoslaí eitlíochta a ídítear chun gach eitilt a oibriú, ba cheart a leagan síos leis an Rialachán seo freisin modhanna láidre chun an garmheastachán is gaire agus is sábháilte a bhaint amach maidir le hídiú breoslaí eitlíochta agus astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta agus iarracht á déanamh an t-ualach a chuirtear ar na hoibreoirí aerárthaí agus ar an nGníomhaireacht a íoslaghdú an tráth céanna. Chun measchán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte eitilte ar bhealach do thréimhse sceidealaithe ar leith, ba cheart an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir leis an tréimhse sceidealaithe chomhfhreagrach roimhe sin a chur san áireamh agus ba cheart ceanglais shonracha a leagan síos leis an Rialachán seo chun na críche sin. Trí úsáid a bhaint as faisnéis na bliana féilire roimhe sin agus measchán á dhéanamh ar astaíochtaí eitilte, ba cheart go gcuirfí ar a cumas don Ghníomhaireacht faisnéis atá fíoraithe cheana féin ag fíoraitheoirí neamhspleácha a úsáid agus an t-ualach riaracháin á íoslaghdú agus an fhaisnéis feidhmíochta is déanaí á húsáid.

([1]) IO L 2023/2405, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2405/oj.

(6) Tá meastacháin chruinne ar ídiú breoslaí eitlíochta eitiltí amach anseo fíor-riachtanach chun astaíochtaí eitilte a ríomh agus ba cheart na meastacháin sin a bheith bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí. Ba cheart na meastacháin sin ar ídiú breoslaí eitlíochta a bheith bunaithe freisin ar shonraí príomhúla arna dtuairisciú ag oibreoirí aerárthaí maidir lena n-oibríochtaí is déanaí ar cheart gurb iad sonraí na tréimhse sceidealaithe comhfhreagraí roimhe sin. Ba cheart úsáid sonraí tánaisteacha, amhail na sonraí sin a eascraíonn as samhlacha agus meastacháin nach ndíorthaítear go hiomlán ó shonraí príomhúla, a theorannú do chásanna eisceachtúla nuair nach bhfuil sonraí príomhúla ar fáil nó nuair nach féidir meastacháin atá bunaithe ar shonraí príomhúla a dhéanamh le cruinneas leordhóthanach. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, go háirithe, nuair a chinneann oibreoir aerárthaí oibriú ar bhealaí nua nó nuair atá eitiltí a oibrítear ar bhealaí atá ann cheana sceidealaithe lena n-oibriú faoi dhálaí éagsúla. Ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo go leanfaidh na ceanglais mhodheolaíocha chun meastachán a dhéanamh ar ídiú breoslaí eitlíochta de bheith i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch agus na forbairtí is déanaí.

(7) D'fhéadfadh astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta a bheith níos ísle ná astaíochtaí saolré gnáthbhreoslaí eitlíochta, ag brath ar go leor tosca amhail rogha an bhunábhair agus na gconairí táirgeachta lena dtáirgeadh. Cuirtear san áireamh in astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta den sórt sin astaíochtaí coibhéise dé-ocsaíde carbóin (CO_2eq) ó tháirgeadh, iompar, dáileadh agus úsáid ar bord fuinnimh, lena n-áirítear le linn dócháin, chun go leanfar de bheith comhsheasmhach le dlí an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2023/2405, ach le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) freisin. Dá bhrí sin, ba cheart suim an dé-ocsaíde carbóin (CO_2), an mheatáin (CH_4), agus na hocsaíde nítriúil (N_2O) a léiriú leis an raon gás a chuirtear san áireamh sa mheastachán ar astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta. Ba cheart astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta a ríomh i gcomhréir le Pointe C d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais agus le caighdeán idirnáisiúnta ábhartha, agus le sonraí agus modheolaíochtaí a léiríonn na forbairtí eolaíocha is déanaí a forbraíodh faoi chreat na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI).

(8) Ag aithint go bhfuil an fhaisnéis maidir leis an ídiú agus leis na hastaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta an-tábhachtach chun meastachán cruinn a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte, leis an Rialachán seo ba cheart na coinníollacha a leagan síos maidir le hoibreoirí aerárthaí an fhaisnéis sin a thuairisciú don Ghníomhaireacht. Ba cheart an t-ualach tuairiscithe a íoslaghdú, go háirithe d'oibreoirí beaga agus meánmhéide aerárthaí, chun nach ndíspreagfaí oibreoirí aerárthaí ó ghlacadh leis an Lipéad Astaíochtaí Eitilte. Dá bhrí sin, ba cheart oibreoirí aerárthaí a bheith in ann sonraí a thuairisciú don Ghníomhaireacht ar bhealach rianúil réidh, trí úsáid a bhaint as uirlisí tuairiscithe digiteacha arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht, agus, i gcás inarb infheidhme, trí úsáid a bhaint as faisnéis a tuairiscíodh cheana chun críoch eile. Chun bheith in ann meastacháin láidre a dhéanamh, ba cheart rochtain a bheith ag an nGníomhaireacht ar an bhfaisnéis uile is gá maidir le méideanna na mbreoslaí eitlíochta arna gcur ar bord ag gach oibreoir aerárthaí ag gach aerfort, agus maidir leis na méideanna arna soláthar ag soláthróirí breosla eitlíochta d'oibreoirí aerárthaí ag gach aerfort agus maidir leis na hastaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta a ghabhann leo.

(9) Ba cheart an mhodheolaíocht chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte a leagtar síos sa Rialachán seo a choinneáil cothrom le dáta le forbairtí ar dhlí ábhartha an Aontais agus caighdeáin idirnáisiúnta, le sonraí, agus le modheolaíochtaí agus forbairtí eolaíocha, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáid luachanna réamhshocraithe. Chun críoch an Rialacháin seo, ba cheart 89 g CO_2eq/MJ a bheith ann mar an bonnlíne déine astaíochtaí le haghaidh gnáthbhreoslaí eitlíochta, arb é an luach tagartha é le haghaidh na mbreoslaí eitlíochta a fhorbraítear faoi chreat EESI go dtí go saineofar táirge comparáide breoslaí iontaise a bhaineann go sonrach le heitlíocht i ndlí an Aontais. Ba cheart 100 kg a bheith ann mar an meáchan a luaitear in aghaidh an phaisinéara, bagáiste an phaisinéara san áireamh, agus ba cheart luach fuinnimh breoslaí eitlíochta a bheith i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 agus leis na caighdeáin agus na modheolaíochtaí idirnáisiúnta is infheidhme.

(10) Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhmíocht chomhshaoil teoranta d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na mbreoslaí eitlíochta a úsáideann oibreoirí aerárthaí, d'fheidhmíocht oibríochtúil na n-eitiltí agus a bhflít, agus do thionchar an aerthráchta ar ídiú breoslaí eitlíochta. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an Rialachán seo tionchair eile ar an gcomhshaol, amhail torann agus astaíochtaí truailleán aeir eile amhail ocsaídí nítrigine (NOx) nó ábhar cáithníneach (PM).

([2]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

(11) Tá an mhodheolaíocht chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte bunaithe ar mheánídiú breoslaí eitlíochta roimhe seo agus ar athnuachan flíteanna agus is féidir le pleanáil optamaithe bealaí tionchar neamhdhiomaibhseach a bheith aige ar an ídiú breoslaí eitlíochta a laghdú agus, ar an gcaoi sin, astaíochtaí eitilte a laghdú. Ba cheart an dá fhachtóir sin a léiriú go huathoibríoch sa mhodheolaíocht chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte chun an t-aistriú chuig aerárthaí níos éifeachtúla agus pleanáil optamaithe bealaí a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart astaíochtaí eitilte arna meas ag an nGníomhaireacht agus úsáid á baint as an modheolaíocht a leagtar síos sa Rialachán seo athnuachan flíteanna agus pleanáil optamaithe bealaí a dhreasú. Ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith láidir go leor chun freastal ar athruithe teicneolaíochta agus ar dhul chun cinn oibríochtúil.

(12) I gcás ina dtagann dálaí oibriúcháin na n-eitiltí sceidealaithe amach anseo leis na heitiltí atá á n-oibriú ar an mbealach sin cheana féin, is iontaofa go mór na meastacháin ar fheidhmíocht chomhshaoil na n-eitiltí sceidealaithe sin na meastacháin atá bunaithe, i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar an mbealach céanna sin. Chun críoch an Rialacháin seo, tagraíonn dálaí oibriúcháin do chineál an aerárthaigh, do chineál na mbreoslaí eitlíochta, do mheánlíon na bpaisinéirí agus do mhais an lasta a iompraítear. Mar sin féin, nuair a athraíonn an t-oibreoir aerárthaí dálaí oibriúcháin eitilte nó nuair a oibríonn sé eitiltí nua, ba cheart meastachán a dhéanamh ar an ídiú measta breoslaí eitlíochta agus ar fheidhmíocht chomhshaoil mheasta na mbreoslaí eitlíochta trí úsáid a bhaint as na modhanna eolaíocha agus an fhianaise eolaíoch is déanaí atá ar fáil. Ba cheart na meastacháin sin a bheith cruinn agus bunaithe ar chur chuige a fhreagraíonn do phrionsabal an réamhchúraim. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos sa Rialachán seo an mhodheolaíocht chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte sa dá chás, is é sin, i gcás eitiltí ina bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir le hoibríochtaí an oibreora aerárthaí roimhe sin ar fáil agus ina meastar gur foinse iontaofa í chun meastachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí sin, agus i gcás na n-eitiltí sin nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil ina leith.

(13) Ba cheart sceidil eitiltí amach anseo a roinnt leis an nGníomhaireacht, agus an aird is gá á tabhairt ar chúinsí rúndachta, chun go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht comparáid idir na dálaí oibriúcháin agus meastachán ar astaíochtaí eitiltí ar an mbealach is cruinne. Thairis sin, ba cheart d'oibreoirí aerárthaí féachaint le haon fhaisnéis eile a sholáthar don Ghníomhaireacht a d'fhéadfadh an meastachán is cruinne ar astaíochtaí eitilte a éascú.

(14) Ba cheart d'fhíoraitheoir neamhspleách fíorú a dhéanamh ar fhaisnéis a thuairiscítear don Ghníomhaireacht, go háirithe faisnéis maidir le hídiú breosla eitlíochta in aghaidh na heitilte agus maidir le hastaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta a chuirtear ar bord in aghaidh an aerfoirt, sula dtuairiscítear don Ghníomhaireacht í. Ba cheart an fíorú neamhspleách sin a dhéanamh bunaithe ar phrionsabail agus ar threoraíocht dhlí ábhartha an Aontais agus ar na caighdeáin agus na modheolaíochtaí idirnáisiúnta is infheidhme. Ba cheart na forbairtí idirnáisiúnta leanúnacha a chur san áireamh san fhíorú freisin, go háirithe chun a áirithiú gur féidir le heitiltí a thagann isteach san Aontas tairbhe a bhaint as forálacha an Rialacháin seo freisin, i gcás inarb infheidhme.

(15) Leis an Rialachán seo, ba cheart na rialacha a leagan síos maidir le tréimhse bhailíochta na lipéad arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht agus na coinníollacha chun an tréimhse bhailíochta a chur san áireamh ina n-eisiúint d'oibreoirí aerárthaí, chomh maith leis na coinníollacha d'oibreoirí aerárthaí maidir le faisnéis faoin mbailíocht sin a thaispeáint go soiléir do chustaiméirí.

(16) Leis an Rialachán seo, ba cheart na coinníollacha a leagan síos maidir le lipéid arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht a thaispeáint. Tráth na digiteála, go háirithe i gcás an aeriompair, is féidir le custaiméirí rochtain a fháil ar líne ar thacar faisnéise i bhfad níos leithne maidir leis na seirbhísí aeriompair a chuireann oibreoirí aerárthaí iomaíocha ar fáil. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go mbeidh na lipéid arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht le haghaidh oibreoir aerárthaí ar taispeáint ag gach díolphointe atá faoi úinéireacht an oibreora aerárthaí sin de réir na dteimpléad a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart d'oibreoirí aerárthaí a áirithiú freisin go dtaispeánfar na lipéid arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht ag gach díolphointe a bhfuil caidreamh conarthach acu leis. Ar deireadh, ba cheart d'oibreoirí aerárthaí iarrachtaí réasúnta a dhéanamh chun a áirithiú go dtaispeánfar na lipéid arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht ag díolphointí nach gcomhoibríonn siad leo. Mura ndéanfaí amhlaidh, bheadh an baol ann go ndéanfar dochar do mhuinín na ndaoine as an Lipéad agus as na hiarrachtaí a dhéanann oibreoirí aerárthaí breoslaí eitlíochta a bhfuil astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta níos ísle acu a úsáid.

(17) Leis an Rialachán seo, ba cheart na coinníollacha a leagan síos d'oibreoirí aerárthaí maidir le lipéid arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht a chur ar taispeáint agus chun a áirithiú go n-aithneofar astaíochtaí eitilte go héasca. Ba cheart a leagan síos ann na sonraíochtaí dearaidh agus na teimpléid taispeána le haghaidh na n-astaíochtaí eitilte chun go dtaispeánfaidh gach oibreoir aerárthaí iad ar bhealach comhchuibhithe agus inaitheanta.

(18) Ba cheart lógó a bheith san áireamh sna heilimintí dearaidh chun a léiriú go ndearna an Ghníomhaireacht meastachán ar na hastaíochtaí eitilte thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart an lógó comhchuibhithe sin a úsáid mar mhodh chun an t-aitheantas a áirithiú agus chun muinín a chothú sa mheastachán ar astaíochtaí eitilte i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart é a bheith ina léiriú ar an Rialachán seo ar fud an domhain agus ba cheart mearbhall le reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus le tionscnaimh atá ann cheana i réimse na hinbhuanaitheachta a sheachaint leis, amhail na lipéid arna n-eisiúint de bhun Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus na rialacháin tharmligthe arna nglacadh faoi. D'fhonn cumarsáid a fheabhsú agus feasacht a mhúscailt, leis an Rialachán seo ba cheart an téarmaíocht shonrach a leagan síos freisin chun tagairt shoiléir a dhéanamh do gach ceann de na heilimintí a áirítear i lipéad na n-astaíochtaí eitilte. Áirítear leis sin, mar shampla, an teaglaim de na hastaíochtaí eitilte, an lógó agus na gnéithe eile ba cheart a bheith mar phríomhghnéithe an lipéid. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos leis an Rialachán seo dearadh lógó lipéid shimplí shoiléir ina bhfuil bratach an Aontais agus nach mór a thaispeáint i gcónaí taobh leis na hastaíochtaí eitilte. Leis na coinníollacha maidir le lipéid a thaispeáint a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart a áirithiú go bhfuil na lipéid inrochtana go héasca agus intuigthe, agus leis na coinníollacha maidir leis an taispeáint, ba cheart a chur ar a gcumas do chustaiméirí comparáid éasca a dhéanamh idir feidhmíocht chomhshaoil eitiltí a oibríonn oibreoirí aerárthaí éagsúla ar an mbealach céanna. Leis an Rialachán seo, ba cheart taispeáint chomhsheasmhach chruinn sonraí maidir le hastaíochtaí a áirithiú chun inchomparáideacht agus iomaíocht chóir a áirithiú sa mhargadh inmheánach don iompar, go háirithe nuair is cuid de shlabhraí iompair ilmhódacha iad seirbhísí aeriompair nó nuair atá na seirbhísí in iomaíocht le modhanna eile iompair. Chuige sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith comhsheasmhach leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair.

(19) Ba cheart na coinníollacha maidir le lipéid a thaispeáint a roinnt ina bpríomhthaispeántas agus ina dtaispeántas tánaisteach. D'fhéadfadh taispeáint lipéad feabhas a chur ar fheasacht custaiméirí ar astaíochtaí measta eitiltí agus ar na hiarrachtaí atá déanta ag oibreoirí aerárthaí lorg comhshaoil na seirbhísí aeriompair a chuireann siad ar fáil a laghdú. Níor cheart aon idirghníomhaíocht custaiméara a bheith de dhíth maidir leis an bpríomhthaispeántas, ar cheart a bheith san áireamh ann i gcónaí, i bhformáid shothuigthe, príomhghnéithe eitilte ar leith le linn an phróisis iomláin cuardaigh agus ceannaigh eitilte. Ba cheart a ionchorprú sa phríomhthaispeántas freisin na heilimintí is gá chun go mbeidh an custaiméir in ann feidhmíocht oibreora aerárthaí ar leith a chur i gcomparáid le hoibreoirí aerárthaí iomaíocha eile ar an mbealach céanna. Ba cheart é a bheith de chuspóir ag an gcomparáid sin é a dhéanamh níos éasca don chustaiméir an fhaisnéis comhshaoil ábhartha a thuiscint, agus iarrachtaí ó oibreoirí aerárthaí chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil a dhreasú a thuilleadh. Ba cheart leibhéal níos airde mionsonraí agus faisnéis chúlra maidir leis an gcaoi a ndearnadh meastachán ar astaíochtaí eitilte, lena n-áirítear, mar shampla, meánfheidhmíocht chomhshaoil na mbreoslaí eitlíochta a úsáideann an t-oibreoir aerárthaí, a bheith i dtaispeántas tánaisteach, agus ba cheart idirghníomhaíocht custaiméara a bheith de dhíth chun go mbeidh an taispeántas sin infheicthe.

(20) Chun muinín custaiméirí a chothú, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú nach dtaispeánfaidh oibreoirí aerárthaí ach lipéid bhailí. Leis an Rialachán seo, ba cheart na coinníollacha a leagan síos faoina bhfíoróidh an Ghníomhaireacht cur chun feidhme ceart agus taispeáint cheart na lipéad ag oibreoirí aerárthaí i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis na caighdeáin agus na modheolaíochtaí idirnáisiúnta is infheidhme. Ní cheart d'oibreoirí aerárthaí lipéid a cúlghaireadh agus atá imithe in éag a thaispeáint. Ba cheart a leagan síos leis freisin na coinníollacha faoina ndéanfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar chruinneas agus fírinneacht na faisnéise arna tuairisciú ag oibreoirí aerárthaí i ndáil lena n-oibríochtaí. Da bhrí sin, is iomchuí a leagan síos leis an Rialachán seo, in éineacht le rialacha agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin is infheidhme na Gníomhaireachta, na coinníollacha maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar lipéid, chomh maith leis an nós imeachta don Ghníomhaireacht chun lipéid neamhbhailí a chúlghairm nó treoraíocht a thabhairt d'oibreoirí aerárthaí a dtaispeáint a choigeartú dá réir.

(21) Ba cheart don Ghníomhaireacht suíomh gréasáin maidir le hastaíochtaí eitilte a chruthú agus a chothabháil, lenar féidir le hoibreoirí aerárthaí agus leis an bpobal araon rochtain éasca a bheith acu ar fhaisnéis faoin scéim. Tá gá leis sin freisin chun an scéim a dhéanamh níos tarraingtí d'oibreoirí aerárthaí.

([3]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1369/oj).

(22) Chun glacadh an Lipéid Astaíochtaí Eitilte san Aontas a éascú, ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an 1 Eanáir 2028, níor cheart don Ghníomhaireacht lipéid a eisiúint ach le haghaidh seirbhísí aeriompair paisinéirí nó eitiltí measctha lasta agus paisinéirí, agus ní le haghaidh aersheirbhísí nach n-iompraíonn ach lasta. Tá seirbhísí aeriompair paisinéirí agus lasta éagsúil ó chéile ó nádúr maidir leis an gcaoi a n-eagraítear a n-oibríochtaí, agus go háirithe, leis an gcaidreamh atá acu le custaiméirí deiridh. Leis an Rialachán seo, tugtar tosaíocht d'eisiúint lipéad d'oibreoirí aerárthaí a sholáthraíonn seirbhísí aeriompair do phaisinéirí ionas go mbeidh a ndóthain ama ag rannpháirtithe sa mhargadh eolas a chur ar an lipéad. Níor cheart gach cineál seirbhíse aeriompair a chumhdach le lipéid ach ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.

(23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um ReFuelEU Aviation.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos sa Rialachán seo forálacha mionsonraithe chun cur chun feidhme agus comhlíonadh aonfhoirmeach na rialacha maidir leis an scéim lipéadaithe comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/2405 a áirithiú, is é sin:

(a) modheolaíocht chaighdeánaithe eolaíochtbhunaithe chun astaíochtaí eitilte a ríomh, lena n-áirítear an mhodheolaíocht le haghaidh meastachán, bunaithe ar na sonraí eolaíocha is fearr atá ar fáil;

(b) an nós imeachta trína soláthróidh oibreoirí aerárthaí an fhaisnéis ábhartha do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht') chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte agus chun na lipéid lena mbaineann a eisiúint;

(c) fad thréimhse bhailíochta na lipéad arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht;

(d) na coinníollacha agus na nósanna imeachta faoina ndéanfaidh an Ghníomhaireacht lipéid a athbhreithniú nó a chúlghairm nó lipéid nua a eisiúint;

(e) na teimpléid chun lipéid a thaispeáint;

(f) na rialacha chun rochtain éasca a áirithiú ar gach lipéad eisithe i bhformáid atá inléite ag meaisín;

(g) an fhéidearthacht agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh oibreoirí aerárthaí faisnéis eile maidir le feidhmíocht chomhshaoil a thaispeáint lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'astaíochtaí eitilte' astaíochtaí saolré measta breoslaí eitlíochta eitilte a oibríonn oibreoir aerárthaí atá comhdhéanta d'astaíochtaí cábáin agus d'astaíochtaí lasta, arna dtomhas i dtonnaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin;

(2) ciallaíonn 'astaíochtaí cábáin' an cion d'astaíochtaí eitilte a luaitear leis an gcábán, arna dtomhas i dtonnaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin;

(3) ciallaíonn 'astaíochtaí lasta' an cion d'astaíochtaí eitilte a luaitear leis an lasta, arna dtomhas i dtonnaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin;

(4) ciallaíonn 'astaíochtaí cábáin in aghaidh an phaisinéara' an toradh a fhaightear nuair a roinntear na hastaíochtaí cábáin ar mheánlíon na bpaisinéirí ar na heitiltí sa tréimhse sceidealaithe chomhfhreagrach roimhe sin, arna dtomhas i gcileagraim de choibhéis dé-ocsaíde carbóin in aghaidh an phaisinéara;

(5) ciallaíonn 'astaíochtaí lasta in aghaidh an tonna' an toradh a fhaightear nuair a roinntear na hastaíochtaí lasta ar mheánmhais an lasta arna iompar ar an aerárthach sa tréimhse sceidealaithe chomhfhreagrach roimhe sin, arna dtomhas i gcileagraim de choibhéis dé-ocsaíde carbóin in aghaidh an tonna lasta;

(6) ciallaíonn 'astaíochtaí cábáin in aghaidh an chiliméadair paisinéara' an toradh a fhaightear nuair a roinntear na hastaíochtaí cábáin measta in aghaidh an phaisinéara ar fhad an bhealaigh arna oibriú, arna dtomhas i ngraim de choibhéis dé-ocsaíde carbóin in aghaidh an chiliméadair paisinéara;

(7) ciallaíonn 'astaíochtaí lasta in aghaidh an tonna-ciliméadair' an toradh a fhaightear nuair a roinntear na hastaíochtaí lasta measta in aghaidh an tona ar fhad an bhealaigh arna oibriú, arna dtomhas i ngraim de choibhéis dé-ocsaíde carbóin in aghaidh an tonna-ciliméadair;

(8) ciallaíonn 'lipéad' léaráid ghrafach, clóite nó leictreonach, ina gcomhcheanglaítear lógó an lipéid agus an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III;

(9) ciallaíonn 'lógó lipéid' an íomhá a shainítear i bPointe 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a léireoidh fíorú na n-astaíochtaí eitilte;

(10) ciallaíonn 'lipéid atá imithe in éag' lipéid a bhfuil a dtréimhse bailíochta thart;

(11) ciallaíonn 'uirlis tuairiscithe dhigiteach' ardán digiteach arna fhorbairt agus arna bhainistiú ag an nGníomhaireacht mar an pointe teagmhála uathúil le hoibreoirí aerárthaí chun sonraí a thuairisciú agus chun lipéid a dháileadh;

(12) ciallaíonn 'aerárthach' aerárthach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 28, de Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]);

(13) ciallaíonn 'deimhniú aeroibreora' ('AOC') 'deimhniú aeroibreora (AOC)' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 8, de Rialachán (CE) 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]);

(14) ciallaíonn 'aerfort' 'aerfort' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 1, de Threoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]);

(15) ciallaíonn 'suíochán' suíochán atá feistithe ar aerárthach ar a bhféadfadh paisinéir suí fad a mhaireann turas;

(16) ciallaíonn 'paisinéir' ('pax') duine atá ina shuí ar shuíochán laistigh de limistéar cábáin aerárthaigh tráth imeachta aerárthaigh, agus atá ag taisteal ar bord aerárthaigh chun ceann scríbe sonrach a bhaint amach;

(17) ciallaíonn 'limistéar suí' an limistéar a leithdháiltear do gach suíochán do gach paisinéir agus do gach aicme cábáin, arna thomhas i méadair chearnacha;

(18) ciallaíonn 'aicme cábáin' an tseirbhís agus an chóiríocht ar leith a sholáthraítear do phaisinéirí arb é is saintréith di cumraíocht shonrach na suíochán sa chábán, na háiseanna, agus na struchtúir táillí;

(19) ciallaíonn 'tréimhse sceidealaithe' 'tréimhse sceidealaithe' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (d), de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle ([7]);

(20) ciallaíonn 'breosla eitlíochta eitilte' an méid breoslaí eitlíochta a ídíonn aerárthach agus eitilt á hoibriú aige, óna ghluaiseacht tosaigh óna áit pháirceála ag an aerfort imeachta go dtí go stopann sé go hiomlán ag an áit pháirceála ag an aerfort teachta, arna thomhas i dtonnaí;

(21) ciallaíonn 'aga eitilte' an méid iomlán ama idir gluaiseacht tosaigh an aerárthaigh óna áit pháirceála ag an aerfort imeachta go dtí go stopann sé go hiomlán ag an áit pháirceála ag an aerfort teachta, arna thomhas i nóiméid;

([4]) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1008/oj).

([6]) Treoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le muirir aerfoirt (IO L 70, 14.3.2009, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/12/oj).

([7]) Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt Chomhphobail (IO L 14, 22.1.1993, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1993/95/oj).

(22) ciallaíonn 'astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta' astaíochtaí coibhéise dé-ocsaíde carbóin breoslaí eitilte lena n-áirítear astaíochtaí coibhéise dé-ocsaíde carbóin ó tháirgeadh, iompar, dáileadh agus úsáid ar bord fuinnimh, lena n-áirítear le linn dócháin, agus arb iad suim an dé-ocsaíde carbóin (CO_2), an mheatáin (CH_4), agus na hocsaíde nítriúil (N_2O) arna n-astú, arna ríomh i gcomhréir le Pointe C d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais agus le caighdeán idirnáisiúnta ábhartha, agus le sonraí agus modheolaíochtaí a léiríonn na forbairtí eolaíocha is déanaí a forbraíodh faoi chreat EESI, agus arna dtomhas i ngraim de choibhéis dé-ocsaíde carbóin ina aghaidh an mheigigiúil;

(23) ciallaíonn 'coibhéis dé-ocsaíde carbóin' ('Co2eq')$_2$eq') an t-aonad tomhais lena gcuirtear fórsa radantach gáis ceaptha teasa i gcomparáid le fórsa radantach dé-ocsaíde charbóin (CO_2);

(24) ciallaíonn 'scéim gás ceaptha teasa breoslaí eitlíochta' scéim lena dtugtar sochair d'oibreoirí aerárthaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí eitlíochta a laghdú;

(25) ciallaíonn 'lasta' earraí, ábhair, agus beartáin seachas bagáiste paisinéirí a iompraítear ar bord aerárthaigh, arna dtomhas i dtonnaí;

(26) ciallaíonn 'díolphointe' suíomh fisiciúil nó seirbhís ardáin ar líne atá faoi úinéireacht oibreora aerárthaí, nó a thairgeann eitiltí oibreora aerárthaí, agus a úsáideann oibreoir aerárthaí, nó aon duine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar an oibreoir aerárthaí sin, chun faisnéis a stóráil agus a chur ar fáil don phobal faoi eitiltí a oibríonn an oibreoir aerárthaí sin chun críoch ceannaigh nó comparáide.

Airteagal 3

Iarratas ar eisiúint lipéad ag an nGníomhaireacht

1. Oibreoir aerárthaí atá ag iarraidh go n-eiseofar lipéid dá eitiltí, cuirfidh sé iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta, faoin 1 Feabhra gach bliain, trí mhodúl tiomnaithe na huirlise tuairiscithe digití. Chun na críche sin, léireoidh an t-oibreoir aerárthaí raon feidhme na n-eitiltí a bheidh le cumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2023/2405. Ar bhonn an iarratais, rachaidh an Ghníomhaireacht i dteagmháil leis an oibreoir aerárthaí.

2. Faoin 1 Bealtaine gach bliain, tuairisceoidh na hoibreoirí aerárthaí a luaitear i mír 1, trí mhodúl tiomnaithe na huirlise tuairiscithe digití, an fhaisnéis a liostaítear i míreanna 3 agus 4 maidir lena n-eitiltí sceidealaithe agus a n-oibríochtaí a rinneadh le linn na bliana féilire roimhe sin.

3. Tuairisceoidh an t-oibreoir aerárthaí an fhaisnéis seo a leanas maidir lena eitiltí sceidealaithe le haghaidh an dá thréimhse sceidealaithe atá le teacht:

(a) na bealaí, agus tagairt á déanamh do na haerfoirt imeachta agus teachta, arna sainiú le cóid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) agus an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA) a ghabhann leo;

(b) an cineál nó na cineálacha aerárthaigh a úsáidfear, lena n-áirítear an líon suíochán in aghaidh na haicme cábáin agus a chóid EESI agus IATA;

(c) líon measta na n-eitiltí a oibreofar le haghaidh gach bealaigh, mar aon le réasúnú mionsonraithe don mheastacháin;

(d) tréimhse nó tréimhsí sceidealaithe na n-oibríochtaí;

(e) ar bhonn deonach, i gcás eitiltí sceidealaithe ar eitiltí nua iad, nó i gcás ina bhfuil difríocht shuntasach idir na dálaí oibriúcháin agus dálaí oibriúcháin oibríochtaí roimhe sin, an fhaisnéis seo a leanas in éineacht le réasúnú mionsonraithe:

   (i) méid measta an bhreosla eitlíochta eitilte;

   (ii) an líon measta paisinéirí in aghaidh na haicme cábáin;

   (iii) méid measta an lasta.

4. Tuairisceoidh an t-oibreoir aerárthaí an fhaisnéis seo a leanas maidir leis na hoibríochtaí a rinneadh le linn na bliana féilire roimhe sin:

(a) i gcás gach aerárthaigh arna oibriú:

   (i) an cineál aerárthaigh á shainiú leis na cóid EESI agus IATA a ghabhann leis;

   (ii) an líon suíochán atá ar fáil de réir na haicme cábáin do gach cumraíocht cábáin;

(iii) i gcás ina bhfuil an fhaisnéis ar fáil, an limistéar suí de réir na haicme cábáin.

(b) i gcás gach eitilte arna hoibriú ar bhealach ar leith, an méid seo a leanas:

(i) an cineál aerárthaigh á shainiú leis na cóid EESI agus IATA a ghabhann leis;

(ii) an bealach, ag tagairt á déanamh do na haerfoirt imeachta agus teachta, á sainiú leis na cóid EESI agus IATA a ghabhann leo;

(iii) an líon eitiltí arna oibriú faoi na dálaí oibriúcháin céanna;

(iv) an líon paisinéirí agus suíochán in aghaidh na haicme cábáin;

(v) an méid lasta;

(vi) an méid breosla eitlíochta eitilte;

(vii) an t-aga eitilte;

(viii) an mhí agus an bhliain oibríochta.

(c) i gcás gach baisce breoslaí eitlíochta a chuirtear ar bord ag aerfort imeachta ar leith, a cheannaítear ó sholáthróirí breosla eitlíochta agus ar éilíodh sochair ina leith agus, ar bhonn deonach, i gcás gach baisce breoslaí eitlíochta eile:

(i) an méid, i dtonnaí, an bhaiscuimhir, agus sainaithint an tsoláthróra breosla eitlíochta;

(ii) an t-aerfort, á shainiú leis na cóid EESI agus IATA a ghabhann leis, agus cruthúnas ar cheannach agus ar sheachadadh chuig an aerfort sin;

(iii) astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta i ngraim de choibhéis dé-ocsaíde carbóin in aghaidh an mheigigiúil (g CO_2eq/MJ);

(iv) i gcás inarb infheidhme, dearbhú maidir leis an scéim gás ceaptha teasa breoslaí eitlíochta ar éilíodh sochair ina leith, an tagairt don ionstraim dlí faoinar éilíodh na sochair, agus sainaithint an údaráis ar cuireadh an t-éileamh faoina bhráid.

5. Úsáidfidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, leis na breithnithe rúndachta is gá, chun an t-iarratas a phróiseáil agus na lipéid a eisiúint.

6. Cuirfidh an Ghníomhaireacht san áireamh freisin an fhaisnéis arna tuairisciú ag oibreoirí aerárthaí agus ag soláthróirí breosla eitlíochta faoi Airteagail 8 agus 10 de Rialachán (AE) 2023/2405.

7. Féadfaidh an Ghníomhaireacht a cheangal ar an oibreoir aerárthaí aon fhaisnéis bhreise is gá a sholáthar chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte agus chun lipéid a eisiúint.

8. Sula soláthróidh oibreoir aerárthaí an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 don Ghníomhaireacht, déanfaidh fíoraitheoir neamhspleách a shainaithnítear i dtuarascáil an oibreora aerárthaí an fhaisnéis a fhíorú. Déanfar an fíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2023/2405. Soláthróidh an t-oibreoir aerárthaí na doiciméid tacaíochta ábhartha uile don fhíoraitheoir chun próiseas fíoraithe na faisnéise dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 a éascú.

Ina theannta sin, déanfaidh ceann de na comhlachtaí deimhniúcháin a shainaithnítear faoi chuimsiú Threoir (AE) 2018/2001 nó na Scéime Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) an fhaisnéis a sholáthraítear faoi mhír 4, pointe (c), a bhaineann le hastaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta a fhíorú.

Airteagal 4

Lipéid a shannadh d'eitiltí oibreoirí aerárthaí

1. I gcás ina gcinnfidh an Ghníomhaireacht go bhfuil an fhaisnéis a sholáthair an t-oibreoir aerárthaí i gcomhréir le hAirteagal 3 iomlán agus beacht, déanfaidh sí an méid seo a leanas faoin 30 Meitheamh gach bliain:

(a) meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte gach eitilte nó gach tacair eitiltí, i gcomhréir le hAirteagal 5;

(b) na lipéid a ghiniúint agus a shannadh d'eitiltí sceidealaithe, agus na lipéid le haghaidh gach ceann den dá thréimhse sceidealaithe atá le teacht á scaradh ó chéile, i gcomhréir leis an tréimhse bhailíochta dá dtagraítear i mír 2;

(c) na lipéid a dháileadh i bhformáid atá inléite ag meaisín ar oibreoirí aerárthaí, agus iad a chur ar an eolas faoin sprioc-am chun na lipéid a thaispeáint agus faoina dtréimhse bhailíochta, trí mhodúl tiomnaithe na huirlise tuairiscithe digití agus trí úsáid a bhaint as na teimpléid a leagtar síos in Iarscríbhinn III.

2. Comhfhreagróidh tréimhse bhailíochta na lipéad arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht don mhéid seo a leanas:

(a) i gcás thréimhse sceidealaithe gheimhridh an oibreora aerárthaí, mairfidh an tréimhse bhailíochta ón tráth a eisítear an lipéad go dtí deireadh thréimhse sceidealaithe an gheimhridh, i gcomhréir leis an amlíne a leagtar síos in Iarscríbhinn I;

(b) i gcás thréimhse sceidealaithe samhraidh an oibreora aerárthaí, mairfidh an tréimhse bhailíochta ó 5 mhí roimh thús na tréimhse sceidealaithe samhraidh sin go dtí a deireadh, i gcomhréir leis an amlíne a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

3. I gcás ina gcinnfidh an Ghníomhaireacht nár chuir oibreoir aerárthaí an fhaisnéis uile is gá isteach chun lipéid a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 3, nó i gcás ina mbeidh cúiseanna a bhfuil údar cuí leo aige a mheas nach bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh iomlán nó beacht, iarrfaidh an Ghníomhaireacht ar an oibreoir aerárthaí an fhaisnéis a soláthraíodh a cheartú nó faisnéis bhreise a sholáthar.

4. I gcás ina gcinnfidh an Ghníomhaireacht, tar éis di an iarraidh dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a dhéanamh, nach gcomhlíonann an fhaisnéis a sholáthar an t-oibreoir aerárthaí na híoscheanglais a leagtar síos in Airteagal 3, nó nach féidir fírinneacht ná cruinneas na faisnéise sin a fhíorú, diúltóidh an Ghníomhaireacht eisiúint na lipéad, tar éis di ceart éisteachta a thabhairt don oibreoir aerárthaí. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an t-oibreoir aerárthaí lena mbaineann ar an eolas faoi sin.

5. I gcás inar gá an fhaisnéis a sholáthair oibreoir aerárthaí i gcomhréir le hAirteagal 3 a cheartú tar éis a cur isteach nó tar éis don Ghníomhaireacht í a fhíorú nó i gcás nach bhfuil sí bailí a thuilleadh, cuirfidh an t-oibreoir aerárthaí an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi sin gan aon mhoill mhíchuí tríd an uirlis tuairiscithe dhigiteach agus soláthróidh sé an fhaisnéis cheartaithe leis an réasúnú is gá. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar an réasúnú a sholáthair an t-oibreoir aerárthaí, na hastaíochtaí eitilte a thabhairt cothrom le dáta go cúlghabhálach agus lipéid nua a eisiúint le haghaidh na n-eitiltí nó an tacair eitiltí lena mbaineann.

Airteagal 5

Measatchán ar na hastaíochtaí eitilte

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht measatchán ar na hastaíochtaí eitilte le haghaidh gach eitilte nó gach tacair eitiltí a oibríonn oibreoir aerárthaí faoi na dálaí céanna agus úsáid á baint as an modheolaíocht a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na hastaíochtaí eitilte a ríomh, i gcomhréir le Pointe 1 d'Iarscríbhinn II;

(b) na hastaíochtaí eitilte a shannadh don chábán agus do lasta, i gcomhréir le Pointe 2 d'Iarscríbhinn II;

(c) an lorg astaíochtaí agus an éifeachtúlacht astaíochtaí a ghiniúint, i gcomhréir le Pointe 3 d'Iarscríbhinn II;

(d) na hastaíochtaí cábáin a shannadh do gach aicme cábáin, i gcomhréir le Pointe 4 d'Iarscríbhinn II.

2. Agus an mhodheolaíocht a leagtar síos in Iarscríbhinn II á cur i bhfeidhm, déanfaidh an Ghníomhaireacht measatchán ar na hastaíochtaí eitilte le haghaidh gach eitilte nó gach tacair eitiltí a oibríonn oibreoir aerárthaí faoi na dálaí céanna i gcomhréir leis an measatchán is fearr ar an méid seo a leanas:

(a) ídiú ionchasach breoslaí eitlíochta is gá chun an eitilt a imíonn ó aerfort ar leith a oibriú, arna mheas ar bhonn mheán ualaithe breosla eitlíochta eitilte na n-eitiltí uile a oibríodh ar an mbealach sin sa tréimhse sceidealaithe chomhfhreagrach roimhe sin;

(b) astaíochtaí saolré ionchasacha breoslaí eitlíochta na mbreoslaí eitlíochta arna gcur ar bord ag aerfort imeachta ar leith, arna meas ar bhonn mheán ualaithe astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta na mbreoslaí eitlíochta arna gcur ar bord ag an aerfort sin sa tréimhse sceidealaithe chomhfhreagrach roimhe sin.

3. I gcás nach ann don fhaisnéis is gá chun meastachán a dhéanamh ar an ídiú breosla eitlíochta i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo, nó i gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin leordhóthanach nó nach féidir í a fhíorú, nó i gcás nach ann di ach amháin i gcás dálaí oibriúcháin atá an-éagsúil, déanfaidh an Ghníomhaireacht meastachán ar ídiú na mbreoslaí eitlíochta is gá chun an eitilt a oibriú i gcomhréir le Pointe (1)(3)(b) d'Iarscríbhinn II.

4. I gcás nach ann don fhaisnéis is gá chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí saolré ionchasacha breoslaí eitlíochta i gcomhréir le mír 2, pointe (b), nó i gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin leordhóthanach nó nach féidir í a fhíorú, nó i gcás nach ann di ach amháin i gcás dálaí oibriúcháin atá an-éagsúil, measfaidh an Ghníomhaireacht gur gnáthbhreoslaí eitlíochta iad na breoslaí eitlíochta sin.

5. De mhaolú ar mhír 2, pointe (b), chun meánastaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta a mheas i gcomhréir leis an bpointe sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht baisceanna sonracha breoslaí eitlíochta a shannadh d'eitilt shonrach nó do thacar sonrach eitiltí a oibríonn an t-oibreoir aerárthaí a imíonn ó aerfort imeachta ar leith, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) d'iarr an t-oibreoir aerárthaí é sin trí mhodúl tiomnaithe na huirlise tuairiscithe dhigiteach;

(b) déanann soláthróir breosla eitlíochta na breoslaí eitlíochta a sheachadadh go fisiciúil chuig na hoibreoirí aerárthaí ag an aerfort sin le haghaidh eitilt shonrach nó tacar sonrach eitiltí i mbaisceanna atá inaitheanta go fisiciúil, agus cruthúnas soláthair ann mar thacaíocht, amhail doiciméad aistrithe táirge;

(c) déantar an eitilt nó an tacar eitiltí dá sanntar na baisceanna a shainaithint agus a shainiú, ar a laghad, de réir an bhealaigh;

(d) déantar na baisceanna breoslaí eitlíochta a shanntar d'eitilt shonrach nó do thacar sonrach eitiltí i gcomhréir leis an Airteagal seo a asbhaint ón meastachán foriomlán ar mheán ualaithe na n-astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta ón oibreoir aerárthaí ag an aerfort sin agus ní úsáidtear iad chun meánfheidhmíocht chomhshaoil na mbreoslaí eitlíochta ag an aerfort sin a chinneadh;

(e) i gcás inarb ábhartha, sanntar na breoslaí eitlíochta don eitilt shonrach chéanna nó don fhothacar sonrach eitiltí céanna a thuairiscítear faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

6. I gcás ina ndéanfaidh oibreoir aerárthaí eitiltí i ndiaidh a chéile gan athbhreoslú breoslaí eitlíochta idir na heitiltí, roinnfidh an Ghníomhaireacht na hastaíochtaí saolré ionchasacha breoslaí eitlíochta ag an aerfort imeachta tosaigh go comhréireach idir na heitiltí uile a oibrítear faoi na himthosca sin.

7. I gcás nach soláthraíonn oibreoir aerárthaí faisnéis leordhóthanach don Ghníomhaireacht maidir le hastaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta arna gcur ar bord ag aerfort imeachta nó i gcás nach féidir breoslaí eitlíochta a lua go fisiciúil le aerfort imeachta sonrach, measfaidh an Ghníomhaireacht gur gnáthbhreoslaí eitlíochta iad na baisceanna sin de bhreoslaí eitlíochta.

8. Déanfar na luachanna réamhshocraithe a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar na hastaíochtaí saolré ionchasacha breoslaí eitlíochta dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), a nochtadh agus a thabhairt cothrom le dáta ar an suíomh gréasáin a chruthaítear faoi Airteagal 8.

([8]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

Airteagal 6

Taispeáint lipéad ag oibreoirí aerárthaí

1. Beidh oibreoirí aerárthaí a bhfuil na lipéid ina seilbh acu freagrach as an gcaoi a n-úsáidtear an lipéad agus lógó an lipéid, go háirithe i gcomhthéacs na fógraíochta, agus as ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Ní thabharfaidh eisiúint na lipéad, lena n-áirítear lógó an lipéid, an ceart don oibreoir aerárthaí nó don díolphointe lógó an lipéid a úsáid ach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Déanfaidh oibreoirí aerárthaí na lipéid arna n-eisiúint dóibh a chur ar taispeáint ag gach díolphointe ar leo é gan aon mhoill mhíchuí agus i gcomhréir le sonraíochtaí Iarscríbhinn III agus leis na ceanglais seo a leanas:

(a) ar a dhéanaí laistigh de 15 lá tar éis iad a fháil ón nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (c). Laistigh de na 15 lá sin, tabharfar fógra don Ghníomhaireacht faoi aon mhoill agus tabharfar réasúnú léi;

(b) taispeánfar na lipéid agus iad le feiceáil go soiléir taobh le sonraí fíor-riachtanacha na heitilte, lena n-áirítear an bealach, am sceidealaithe agus fad na heitilte, agus an praghas, le linn an phróisis ceannaigh leictreonaigh ar fad, ag tosú ó thorthaí an innill cuardaigh eitilte, agus nuair a bheidh an ceannach críochnaithe, agus sa deimhniú ceannaigh leictreonach agus i seachadadh an deimhnithe sin araon;

(c) taispeánfar na lipéid i ngach fógraíocht amhairc agus ábhar fógraíochta teicniúil de chuid na n-eitiltí sin, lena n-áirítear ar an idirlíon, i bhfeidhmchláir dhigiteacha, agus i bhformáid fhisiciúil, gan beann ar shuíomh geografach na fógraíochta nó an chur chun cinn sin;

3. Féadfaidh oibreoirí aerárthaí na lipéid a thaispeáint ar phasanna bordála na n-eitiltí sin ar eisíodh lipéid ina leith.

4. Taispeánfaidh oibreoirí aerárthaí na lipéid arna n-eisiúint dóibh gan bhriseadh le linn na dtréimhsí bailíochta a ghabhann leo dá bhforáiltear in Airteagal 4(2).

5. Chun a áirithiú go dtaispeánfar lipéid go soiléir agus go ceart, déanfaidh oibreoirí aerárthaí an méid seo a leanas:

(a) ní sholáthróidh siad do chustaiméirí ná ní thaispeánfaidh siad lipéid, marcóirí, siombailí ná aon fhoirm choibhéiseach ná inscríbhinní coibhéiseacha a dhéanann aithris ar na lipéid a eisítear faoin Rialachán seo agus nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo;

(b) ní sholáthróidh siad do chustaiméirí ná ní thaispeánfaidh siad astaíochtaí eitilte atá coibhéiseach nó comhchosúil leo siúd atá ar na lipéid dá bhforáiltear leis an Rialachán seo nó a dhéanann aithris ar na hastaíochtaí eitilte arna meas de bhun an Rialacháin seo nó a d'fhéadfadh aithris nó macasamhlú a dhéanamh ar an bhfaisnéis, nó ar na haonaid tomhais a leagtar síos in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2023/2405, le haghaidh eitiltí nó tacair eitiltí nár iarradh lipéid ina leith faoin Rialachán seo agus le haghaidh aon ghníomhaíocht eile nach mbaineann le raon feidhme an Rialacháin seo;

(c) staonfaidh siad ó aon fhaisnéis thabhairt maidir lena gceannacháin de chineál áirithe breosla eitlíochta a d'fhéadfadh barúil bhréige a thabhairt do chustaiméirí go n-oibreofar eitilt ar leith agus cineál áirithe breoslaí eitlíochta san áireamh ach amháin más féidir leis an oibreoir aerárthaí a léiriú go bhfuil an cineál sin breoslaí eitlíochta i láthair go fisiciúil san eitilt áirithe sin sa mhéid agus leis na saintréithe a mhaítear do thomhaltóirí.

6. Áiritheoidh oibreoirí aerárthaí an méid seo a leanas, i gcás ina ndéanfar a n-eitiltí a thairiscint nó a chur ar fáil ag díolphointí a bhfuil gaol conarthach ag an oibreoir aerárthaí leo:

(a) go dtaispeánfar na lipéid gan moill mhíchuí agus ar a dhéanaí laistigh de 30 lá tar éis iad a fháil ón nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (c). Laistigh de na 30 lá sin, tabharfar fógra don Ghníomhaireacht faoi aon mhoill agus tabharfar réasúnú léi;

(b) nach ndiúltófar na díolphointí taispeáint na lipéad ná ní dhéanfaidh siad athríomh ar na hastaíochtaí eitilte arna meas ag an nGníomhaireacht do na hoibreoirí aerárthaí sin, chun críocha comparáide nó ceannaigh.

7. Déanfaidh oibreoirí aerárthaí iarrachtaí réasúnta chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh díolphointí nach gcomhoibríonn siad leo, ach a chuireann a n-eitiltí ar taispeáint, na ceanglais a leagtar síos sa mhír roimhe seo gan aon mhoill mhíchuí freisin.

Airteagal 7

Faireachán ar chomhlíonadh

1. Ar bhonn leathbhliantúil, agus i gcás gach oibreora aerárthaí ar eisíodh lipéid ina leith, déanfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú féachaint ar tháinig athrú ar na fachtóirí ar eisíodh lipéad ar a mbonn i gcás gach eitilte nó gach tacair eitiltí a oibrítear faoi na dálaí céanna.

2. Mar chuid den athbhreithniú dá dtagraítear i mír 1, déanfar athbhreithniú ar na rudaí seo a leanas:

(a) cruinneas agus fírinneacht na faisnéise arna tuairisciú ag oibreoirí aerárthaí de bhun Airteagal 3, go háirithe an fhaisnéis arna tuairisciú de bhun mhír 3 de;

(b) taispeáint cheart na lipéad, i gcomhréir le hAirteagal 6 agus le hIarscríbhinn III, agus taispeáint thráthúil na lipéad, i gcomhréir le hAirteagal 6(2), 6(6) agus 6(7);

(c) comhlíontacht oibreoirí aerárthaí le baint lipéad arna gcúlghairm, nó arna ndul in éag, i gcomhréir le mír 4.

3. Chun an t-athbhreithniú a dhéanamh, iarrfaidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis is gá ar an oibreoir aerárthaí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha ó fhíoraitheoirí neamhspleácha.

4. Tar éis don Ghníomhaireacht an t-athbhreithniú a dhéanamh, má chinneann sí nach bhfuil lipéad iomchuí a thuilleadh, nó nach bhfuil sé á thaispeáint i gceart ag oibreoir aerárthaí, cinnfidh sí, tar éis deis a bheith tugtha aici don oibreoir aerárthaí éisteacht a fháil, an lipéad atá ann cheana a chúlghairm nó lipéad nua a eisiúint. Tabharfar fógra faoin gcinneadh sin don oibreoir aerárthaí tríd an uirlis tuairiscithe dhigiteach.

5. Breithneoidh an Ghníomhaireacht réasúnuithe an oibreora aerárthaí maidir le haon mhoill ar thaispeáint lipéad, dá bhforáiltear in Airteagal 6(2), 6(6), agus 6(7). I bhfianaise an réasúnaithe, déanfaidh an Ghníomhaireacht ceann de na cinntí seo a leanas, tar éis deis a thabhairt don oibreoir aerárthaí éisteacht a fháil, agus tabharfaidh sí fógra faoin gcinneadh don oibreoir aerárthaí tríd an uirlis tuairiscithe dhigiteach:

(a) na lipéid uile a eisíodh don oibreoir aerárthaí a chúlghairm mura bhfuil an réasúnú leis an moill sásúil;

(b) díolúine aonuaire a thabhairt don oibreoir aerárthaí le haghaidh na moille, in éineacht le sprioc-am nua.

6. Ar fhógra arna eisiúint i gcomhréir le mír 4 nó pointe (a) de mhír 5 a fháil, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaí taispeáint na lipéad a choigeartú nó na lipéid arna gcúlghairm a bhaint, agus, más infheidhme, lipéid bhailí arna ndáileadh ag an nGníomhaireacht a chur ina n-ionad, gan aon mhoill mhíchuí. Deimhneoidh an t-oibreoir aerárthaí an stádas comhlíontachta leis na fógraí a fuarthas ón nGníomhaireacht tríd an uirlis tuairiscithe dhigiteach.

7. Déanfaidh an Ghníomhaireacht gach beart is gá chun a áirithiú go gcloíonn oibreoir aerárthaí lena chinntí arna n-eisiúint i gcomhréir le mír 4 agus mír 5, pointe (a).

8. Bainfidh oibreoirí aerárthaí lipéid arna gcúlghairm nó arna ndul in éag gan aon mhoill mhíchuí gan gá le fógra ón nGníomhaireacht chuige sin. Coinneoidh oibreoirí aerárthaí an Ghníomhaireacht ar an eolas i gcónaí maidir le baint nó ceartú lipéad tríd an uirlis tuairiscithe dhigiteach.

9. Comhoibreoidh oibreoirí aerárthaí leis an nGníomhaireacht agus athbhreithniú á dhéanamh aici agus leanfaidh siad a treoracha i gcónaí maidir le taispeáint cheart lipéad.

10. Féadfaidh oibreoirí aerárthaí, in imthosca eisceachtúla, iarraidh ar an nGníomhaireacht lipéid aonair a fhoirceannadh, i gcás lipéid arna n-eisiúint le haghaidh eitiltí nó tacar eitiltí ar scoireadh dá n-oibríochtaí nó i gcás ina bhfágann athrú ar dhálaí oibríochtúla le linn na tréimhse sceidealaithe go bhfuil na lipéid bhailí mícheart. Tabharfaidh siad fógra don Ghníomhaireacht faoina n-iarraidh tríd an uirlis tuairiscithe dhigiteach.

11. Cuirfidh an Ghníomhaireacht na hoibreoirí aerárthaí ar an eolas faoi aon riail agus nós imeachta tiomnaithe atá i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena n-áirithítear go ndéanfar faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, lena n-áirítear chun cruinneas agus fírinneacht na faisnéise arna tuairisciú ag oibreoirí aerárthaí agus taispeáint cheart lipéad a fhíorú.

12. Cuirfidh an Ghníomhaireacht na hoibreoirí aerárthaí ar an eolas faoi aon riail agus nós imeachta is infheidhme maidir le gearáin a thaisceadh in aghaidh oibreoirí aerárthaí eile.

Airteagal 8

Suíomh gréasáin maidir le hastaíochtaí eitilte

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht suíomh gréasáin maidir le hastaíochtaí eitilte (an 'suíomh gréasáin') a chruthú agus a chothabháil, ar suíomh gréasáin é ag a mbeidh cuid phoiblí ar a mbeidh rochtain ar líne ag an bpobal i gcoitinne agus cuid a bhaineann le comhlíonadh nach mbeidh rochtain uirthi ach ag oibreoirí aerárthaí. Beidh an chuid den suíomh gréasáin a bhaineann le comhlíonadh nasctha leis an uirlis tuairiscithe dhigiteach arna bunú ag an nGníomhaireacht.

2. Comhlíonfaidh an chuid phoiblí den suíomh gréasáin na híoscheanglais seo a leanas:

(a) beidh sí oscailte lena rochtain i bhformáid atá inléite ag meaisín ag aon seirbhís ar líne agus ní bheidh ar an gcustaiméir clárú. Beidh sé inrochtana ón bpointe díola, áit a dtaispeántar na lipéid, agus trí gach inneall cuardaigh freisin;

(b) soláthróidh sí faisnéis mhionsonraithe faoin gcaoi a ndearnadh meastachán ar astaíochtaí eitilte gach eitilte nó gach tacair eitiltí de chuid oibreoirí aerárthaí, sa chaoi go gcuirtear an custaiméir ar an eolas faoin modh ríofa lena n-áirítear na toimhdí uile ar bhealach soiléir, intuigthe agus gonta, agus go dtugtar mínithe ar phríomhthéarmaí agus ar phríomhathróga, lena n-áirítear samplaí agus léaráidí agus aon fhaisnéis chúlra chun tuiscint a éascú ar na céimeanna a ghlac an Ghníomhaireacht chun astaíochtaí eitilte a ríomh, na sonraí a úsáideadh le haghaidh an ríofa agus na meastachán sin, chomh maith leis na luachanna réamhshocraithe a úsáideadh chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte;

(c) soláthróidh siad faisnéis maidir le gach meastachán ar astaíochtaí eitilte agus maidir le heisiúint agus sannadh lipéad d'éitiltí a chuirtear ar an margadh;

(d) soláthróidh siad faisnéis maidir leis an laghdú ar astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta mar thoradh ar cheannach breoslaí eitlíochta ag oibreoirí aerárthaí, ar breoslaí iad a bhfuil astaíochtaí saolré breosla eitlíochta níos ísle acu ag aerfort imeachta ar leith;

(e) beidh feidhm chuardaigh ann lenar féidir le custaiméirí lipéid a chuardach. Is iad na critéir chuardaigh a bheidh ann, ar a laghad, an t-aerfort imeachta agus teachta agus, go roghnach, an t-oibreoir aerárthaí;

(f) soláthróidh sí comparáid idir na lipéid ar an mbealach céanna agus tagarmharc atá le forbairt ag an nGníomhaireacht bunaithe ar an bhfeidhmíocht thipiciúil bhreathnaithe ar an mbealach nó ar bhealaí inchomparáide. Go háirithe i gcásanna nár roghnaíodh aon oibreoir aerárthaí san fheidhm chuardaigh a luaitear i bpointe (e), lena n-áirítear:

  (i) comparáid choibhneasta idir astaíochtaí eitilte, arna sloinneadh mar chéatadán;

  (ii) comparáid choibhneasta idir an laghdú ar astaíochtaí saolré breoslaí eitilte, arna sloinneadh mar chéatadán;

(g) cuirfidh sí i láthair an chomparáid dá dtagraítear i litir (f) mar liosta d'oibreoirí aerárthaí in ord ardaitheach, ar a gcuirtear sa chéad áit an t-oibreoir aerárthaí a bhfuil na hastaíochtaí eitilte is ísle aige nó an t-oibreoir aerárthaí a úsáideann na breoslaí eitlíochta a bhfuil na meánastaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta is ísle aige;

(h) taispeánfaidh sí an fhaisnéis seo a leanas bunaithe ar an mbealach a chuardaítear:

  (i) an bealach, arna thomhas i gciliméadair, arna shainiú ag aerfort imeachta agus teachta, agus trí ainmneacha iomlána an dá aerfort a úsáid, chomh maith leis na cóid EESI agus IATA a ghabhann leo;

  (ii) na hoibreoirí aerárthaí a oibríonn an bealach sin;

  (iii) na meánastaíochtaí cábáin in aghaidh an phaisinéara ag gach oibreoir aerárthaí a oibríonn an bealach sin;

  (iv) léiriú ar an gcineál nó na cineálacha aerárthaigh is minice a oibríonn gach oibreoir aerárthaí a oibríonn an bealach sin;

  (v) faisnéis do chustaiméirí an bhfuil bealach a tugadh isteach san uirlis chuardaigh lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo agus nach bhfuil aon fhaisnéis ar fáil ina leith. I gcásanna den sórt sin, soláthróidh an Ghníomhaireacht míniú achomair ar na critéir is gá a chomhlíonadh chun go liostófar an bealach san uirlis chuardaigh.

3. Comhlíonfaidh an chuid den suíomh gréasáin a bhaineann le comhlíonadh na sonraíochtaí teicniúla seo a leanas:

(a) déanfar rochtain gach oibreora aerárthaí a shrianadh trí dhintiúir logáil isteach uathúla. Beidh sí slán, agus beidh oibreoirí aerárthaí in ann a sonraí comhlíontachta a fheiceáil agus a bhainistiú, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe agus giniúint agus dáileadh lipéad agus an stádas atá acu de réir an bhealaigh;

(b) ní bheidh oibreoirí aerárthaí in ann ach a bhfaisnéis féin maidir le comhlíonadh a fheiceáil. Maidir le lipéid oibreoirí aerárthaí eile, ní bheidh oibreoirí aerárthaí in ann rochtain a fháil ach ar an bhfaisnéis phoiblí ina leith.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, beidh feidhm aige maidir le hoibreoirí aerárthaí lasta a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/2405 ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

AMLÍNE CHUN IARRATAIS A CHUR ISTEACH AGUS CHUN LIPÉID A GHINIÚINT

Is í seo a leanas an amlíne a bheidh ag oibreoirí aerárthaí chun iarratais a chur isteach agus ag an nGníomhaireacht chun lipéid a ghiniúint agus a dháileadh.

Tábla 1

Oibleagáid	Amlíne
Oibríochtaí na bliana féilire X-1, a bheidh mar bhonn don fhaisnéis a thabharfar don Ghníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 3(4)	01.01.X-1 go 31.12.X-1
Cuirfidh oibreoirí aerárthaí a n-iarratas ar eisiúint lipéad faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 3(1)	Faoi 01.02.X
Tuairisceoidh oibreoirí aerárthaí an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 3(3) agus 3(4), i gcomhréir le hAirteagal 3(2)	Faoi 01.05.X
Déanfaidh an Ghníomhaireacht meastachán ar astaíochtaí eitilte gach eitilte nó gach tacair eitiltí, ginfidh sí agus dáilfidh sí na lipéid le haghaidh na n-eitiltí uile atá sceidealaithe don dá thréimhse sceidealaithe atá le teacht, i gcomhréir le hAirteagal 4(1).	Faoi 30.06.X
Tréimhse bhailíochta na lipéad le haghaidh eitiltí a oibreofar i dtréimhse sceidealaithe an gheimhridh, i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(a).	Ón tráth a eiseoidh an Ghníomhaireacht iad i mbliain X agus go dtí deireadh thréimhse sceidealaithe an gheimhridh sna blianta X go X+1, mar a úsáidtear i sceideal an oibreora aerárthaí
Tréimhse bhailíochta na lipéad le haghaidh eitiltí a oibreofar i dtréimhse sceidealaithe an tsamhraidh, i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(b).	Ó 5 mhí roimh thús thréimhse sceidealaithe shamhraidh bhliain X+1 agus go dtí deireadh na tréimhse sceidealaithe sin, mar a úsáidtear i sceideal an oibreora aerárthaí

IARSCRÍBHINN II

MODHEOLAÍOCHT CHUN MEASTACHÁN A DHÉANAMH AR ASTAÍOCHTAÍ EITILTE

Leagtar síos san Iarscríbhinn seo an mhodheolaíocht agus na céimeanna is gá a leanfaidh an Ghníomhaireacht chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí eitilte.

(1) **RÍOMH ASTAÍOCHTAÍ EITILTE**

(1) Déanfar astaíochtaí eitilte a ríomh trí ídiú measta na mbreoslaí eitlíochta le haghaidh na heitilte atá i gceist a iolrú faoi mheán ualaithe astaíochtaí saolré na mbreoslaí eitlíochta a chuirtear ar bord ag an aerfort imeachta. An tráth céanna, tá astaíochtaí eitilte cothrom le suim na n-astaíochtaí cábáin agus lasta.

$$E = E_c + E_f = E_{WTT} + E_{TTW} = V_{fuel} \times EC_{fuel} \times LCE_{fuel}$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

E = astaíochtaí eitilte, i dtonnaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (t CO_2eq),

E_c = astaíochtaí cábáin, i dtonnaí CO_2eq,

E_f = astaíochtaí lasta, i dtonnaí CO_2eq,

E_{WTT} = codán na n-astaíochtaí eitilte a chomhfhreagraíonn do thobar-go-humar, i dtonnaí CO_2eq,

E_{TTW} = codán na n-astaíochtaí eitilte a chomhfhreagraíonn d'umar go roth, i dtonnaí CO_2eq,

V_{fuel} = ídiú breoslaí eitlíochta na heitilte, i dtonnaí,

EC_{fuel} = luach fuinnimh breoslaí eitlíochta, i meigigiúil in aghaidh an chileagraim (MJ/kg),

LCE_{fuel} = meán ualaithe astaíochtaí saolré na mbreoslaí eitlíochta a chuirtear ar bord ag an aerfort imeachta, i ngraim de choibhéis dé-ocsaíde carbóin in aghaidh an mheigigiúil (g CO_2eq/MJ).

(2) Is éard a bheidh i meánastaíochtaí saolré na mbreoslaí eitlíochta a chuirtear ar bord ag an aerfort imeachta meán ualaithe astaíochtaí saolré an bhreosla eitlíochta ó gach baisc (*b*) de bhreoslaí eitlíochta a chuirtear ar bord ag an aerfort sin, agus Airteagal 5(6) á chur san áireamh:

$$LCE_{fuel} = \frac{\sum_{b=1}^{n} (LCE_b \times V_b)}{\sum_{b=1}^{n} V_b}$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

LCE_b = astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta de bhaisc 'b' de bhreoslaí eitlíochta, i ngraim CO_2eq/MJ. I gcás gnáthbhreoslaí eitlíochta, is é 89 g CO_2eq/MJ a bheidh sa luach sin;

V_b = mais basice 'b' de bhreoslaí eitlíochta, i dtonnaí.

(3) Ríomhfar ídiú measta breoslaí eitlíochta eitilte trí cheachtar de na modhanna seo a leanas a úsáid:

(a) Oibríochtaí roimhe seo a úsáid

Nuair a bheidh sonraí príomhúla ar fáil le haghaidh oibríochtaí na dtréimhsí sceidealaithe comhfhreagracha roimhe sin agus nuair a réitíonn siad le dálaí oibriúcháin na heitilte sceidealaithe, ríomhfar an meastachán ar an ídiú breoslaí eitlíochta mar mheán ualaithe ídiú breoslaí eitlíochta tuairiscithe na n-eitiltí (*a*) arna n-oibriú ar an mbealach atá i gceist:

$$V_{fuel} = \sum_{a=1}^{n} \frac{F_a}{N_a}$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

F_a = an breosla eitlíochta eitilte iomlán le haghaidh na n-eitiltí uile atá ábhartha do gach lipéad, sa tréimhse thuairiscithe;

N_a = an líon iomlán eitiltí arna n-oibriú atá ábhartha do gach lipéad, sa tréimhse thuairiscithe.

(b) Bunaithe ar chothromóid Breguet-Range

Mura bhfuil sonraí príomhúla ann le haghaidh na n-eitiltí sceidealaithe arna dtuairisciú faoi Airteagal 3(3), mura bhfuil siad leordhóthanach, mura féidir iad a fhíorú nó mura bhfuil ann dóibh ach amháin le haghaidh dálaí oibriúcháin atá an-éagsúil leis na dálaí arna dtuairisciú faoi Airteagal 3(4), déanfar an t-ídiú measta breoslaí eitlíochta a ríomh le garmheastachán ag úsáid chothromóid Breguet-Range.

Leis an gcothromóid seo, meastar an fheidhmíocht chúrsála fhoriomlán mar a leanas:

$$R = \frac{V}{c} \times \frac{L}{D} \times ln\left(\frac{W_1}{W_2}\right)$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

R = an fad a taistealaíodh, i gciliméadair,

V = luas an aerárthaigh, i gciliméadair in aghaidh na huaire,

c = an t-ídiú breoslaí eitlíochta sá-shonrach, i gcileagraim in aghaidh na huaire niútain,

L = an fórsa ardúcháin ag gníomhú ar an aerárthach, i niútain,

D = an fórsa cúltarraingthe aeraidinimiciúla ag gníomhú ar an aerárthach, i niútain,

ln = feidhm logartaim nádúrtha,

W_1 = mais an aerárthaigh ag tús na cúrsála, i dtonnaí,

W_2 = mais an aerárthaigh ag deireadh na cúrsála, i dtonnaí.

Trí chothromóid Breguet-Range a atheagrú, is féidir cóimheas idir mais tosaigh agus mais deiridh aerárthaigh a dhíorthú, a léiríonn ídiú breoslaí eitlíochta na heitilte atá i gceist:

$$\frac{W_1}{W_2} = e^{\left(\frac{R \times c}{V \times \frac{L}{D}}\right)}$$

In éagmais faisnéise maidir le mais tuirlingthe gach eitilte, agus maidir le feidhmíocht innill agus feidhmíocht aeraidinimiciúil an aerárthaigh, ní ríomhtar na fachtóirí sin go díreach. Déantar an chothromóid a bheachtú a thuilleadh trí na fachtóirí a chúlchéimniú chun iad a chomhghaolú le breathnuithe ar an bhfaisnéis arna tuairisciú faoi Airteagal 3(4) agus, ar a laghad, an cineál aerárthaigh. Cuirfear an chothromóid bheachtaithe sin i bhfeidhm maidir le gach aerárthach:

$$V_{fuel} = a \times \left(\frac{e^{b \times R}}{r} - 1\right)$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

a = mais an aerárthaigh agus é ag tuirlingt ag an aerfort teachta, i dtonnaí,

$b = \frac{c}{V \times \frac{L}{D}}$,

$r = \frac{W_3}{W_1} = \frac{W_2}{W_0}$.

agus inarb amhlaidh seo a leanas:

W_0 = mais fholamh an aerárthaigh, i dtonnaí,

W_1 = mais an aerárthaigh tar éis dreapadh go 3 000 troigh (nó 914,4 méadar), i dtonnaí,

W_2 = mais an aerárthaigh tar éis dreapadh le bheith ag cúrsáil, a bheith ag cúrsáil, agus teacht anuas go 3 000 troigh (nó 914,4 méadar), i dtonnaí,

W_3 = mais an aerárthaigh agus é ag tuirlingt ag an aerfort teachta, i dtonnaí.

Cinnfear na comhéifeachtaí *a*, *b* agus *r* trí úsáid a bhaint as anailís chúlchéimnithe, chun an difríocht mheasta (L2-Norm) idir an t-ídiú breoslaí eitlíochta breathnaithe agus an luach measta a íoslaghdú.

(2) **LEITHDHÁILEADH ASTAÍOCHTAÍ EITILTE AR AN gCÁBÁN AGUS AR AN LASTA**

(1) Luafar astaíochtaí eitilte leis an gcábán (astaíochtaí cábáin, *Ec*) agus leis an lasta (astaíochtaí lasta, *Ef*) ar bhonn chionroinnt na maise cábáin agus lasta faoi seach, mar seo a leanas:

(a) astaíochtaí cábáin (E_c)

$$E_C = E \times W_C$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

$W_C = \frac{C_w}{F_w + C_w}$, an sciar de phálasta an aerárthaigh a luaitear leis an gcábán,

C_w = an mhais a chomhfhreagraíonn don chábán (paisinéirí agus a mbagáiste), i dtonnaí,

F_w = an mhais a chomhfhreagraíonn don lasta ar bord an aerárthaigh, i dtonnaí.

(b) astaíochtaí lasta (E_f)

$$E_f = E \times W_F$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

$W_f = \frac{F_w}{F_w + C_w}$, an sciar de phálasta an aerárthaigh a luaitear leis an lasta.

(2) I gcás nach dtuairisceofar faisnéis faoin líon paisinéirí toisc go bhfuil dálaí na n-oibríochtaí sceidealaithe éagsúil le dálaí na n-eitiltí roimhe sin, amhail i gcás oibreoirí aerárthaí nua nó cumraíochtaí aerárthaí nua, ríomhfar líon measta paisinéirí ar bhonn na bhfachtóirí seo a leanas (le tabhairt ar an suíomh gréasáin arna bhunú faoi Airteagal 8):

$$C_W = \frac{N \times L \times P_m}{1000}$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

N = an líon suíochán atá ar fáil sa chineál aerárthaigh, in aghaidh na haicme cábáin,

L = lódfhachtóir measta na heitilte, arna ríomh agus meán-lódfhachtóir an oibreora aerárthaí in aghaidh na haicme cábáin á chur san áireamh go háirithe i gcás eitiltí i) ar an mbealach céanna, ii) ar bhealaí inchomparáide, agus iii) ar aon bhealach eile,

P_m = an mhais a luaitear le paisinéir agus a bhagáiste san áireamh, mar atá 100 kg.

(3) **GINIÚINT AN LOIRG AGUS NA hÉIFEACHTÚLACHTA ASTAÍOCHTAÍ**

(1) Úsáidtear na hastaíochtaí eitilte a leithdháiltear ar an gcábán agus ar an lasta ansin chun a lorg astaíochtaí agus a éifeachtúlacht astaíochtaí a ghiniúint, agus déanfar iad a ríomh mar seo a leanas:

(a) Lorg agus éifeachtúlacht astaíochtaí cábáin

Astaíochtaí cábáin in aghaidh an phaisinéara (C_{ef})

$$C_{ef} = \frac{E_c}{pax} \times 1000, \text{ in kg } CO_2\text{eq/pax}$$

Astaíochtaí cábáin in aghaidh an chiliméadair paisinéara (C_{ei})

$$C_{ee} = \frac{C_{ef}}{R} \times 1000, \text{ in g } CO_2\text{eq/pkm}$$

inarb amhlaidh seo a leanas,

$R =$ *GCD*, an raon eitilte arna chinneadh trí úsáid a bhaint as modh an fhaid mhórchiorclaigh (GCD), in km.

(b) Lorg agus éifeachtúlacht astaíochtaí lasta

Astaíochtaí lasta in aghaidh an tonna lasta (F_{ef})

$$F_{ef} = \frac{E_f}{F_w} \times 1000, \text{ in kg } CO_2\text{eq/t}$$

Astaíochtaí lasta in aghaidh an tonna-ciliméadair (F_{ef})

$$F_{ee} = \frac{F_{ef}}{R}, \text{ in g } CO_2\text{eq/tkm}$$

(4) LEITHDHÁILEADH ASTAÍOCHTAÍ CABÁIN AR GACH AICME CÁBÁIN

(1) I gcás ina n-oibrítear aerárthach agus níos mó ná aicme cábáin amháin ann, déanfar na hastaíochtaí cábáin a leithdháileadh ar gach aicme cábáin.

(2) I gcás ina dtuairisceoidh an oibreoirí aerárthaí limistéar suí gach cumraíochta de gach cineál aerárthaigh, úsáidfear an limistéar suí (*SA*) sin ar an gcéad dul síos chun an fachtóir aicme cábáin is infheidhme a ríomh.

$$CCF = \frac{SA_c}{SA_l}$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

CCF = an fachtóir aicme cábáin lena léirítear leithdháileadh na n-astaíochtaí cábáin in aghaidh an phaisinéara i ngach aicme cábáin arna mheas bunaithe ar an limistéar suí arna leithdháileadh in aerárthach ar an aicme is ísle,

SA_c an t-achar urláir in aghaidh an suíocháin i ngach aicme cábáin ('c'), i méadair chearnacha,

SA_l an t-achar urláir in aghaidh an suíocháin den aicme cábáin is ísle ('l'), i méadair chearnacha.

(3) Mura bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear sa phointe roimhe seo ar fáil, déanfar meastachán ar an CCF bunaithe ar mheáin ualaithe an limistéir suí arna thuairisciú faoi Airteagal 3(4)(a). Beidh na meáin ualaithe bunaithe, i gcás inar féidir, ar shonraí a bhaineann go sonrach leis an oibreoir agus beidh siad, ar a laghad, de réir na haicme cábáin.

(4) I gcás nach leor an fhaisnéis chun an CCF a mheas, úsáidfear an CCF réamhshocraithe a leagtar amach i dTábla 1.

Tábla 1

Ríomhanna CCF bunaithe ar an limistéar suí agus ar luachanna réamhshocraithe

Aicme cábáin (c)	CCF bunaithe ar limistéar suí	CCF réamhshocraithe	
		Cabhail leathan (CCF_{c-w})	Cabhail chaol (CCF_{c-n})
Grád barainne (e)	$\frac{SA_e}{SA_l}$	$CCF_{e-w} = 1$	$CCF_{e-n} = 1$
Grád barainne den scoth (pe)	$\frac{SA_{pe}}{SA_l}$	$CCF_{pe-w} = 1$	$CCF_{pe-n} = 1$

Aicme cábáin (c)	CCF bunaithe ar limistéar suí	CCF réamhshocraithe	
		Cabhail leathan ($CCF_{c\text{-}w}$)	Cabhail chaol ($CCF_{c\text{-}n}$)
Grád gnó (b)	$\frac{SA_b}{SA_l}$	$CCF_{b-w} = 4$	$CCF_{b-n} = 1.[illegible]5$
An chéad ghrád (f)	$\frac{SA_f}{SA_l}$	$CCF_{f-w} = 5$	$CCF_{f-n} = 1.[illegible]5$

(5) Ós rud é go n-áirítear le hastaíochtaí cábáin gach paisinéir ar eitilt gan beann ar an aicme cábáin ina bhfuil sé ina shuí, leithdháilfear na hastaíochtaí cábáin ar gach paisinéir bunaithe ar a bhfachtóir aicme cábáin faoi seach. Déanfar an leithdháileadh sin trí úsáid a bhaint as líon teoiriciúil paisinéirí (LC_{eq}) agus an aicme cábáin is ísle in úsáid mar choibhéis choiteann.

$$LC_{eq} = \sum pax_c \times CCF$$

inarb amhlaidh seo a leanas:

LC_{eq} = an líon teoiriciúil paisinéirí arna ríomh chun astaíochtaí cábáin a leithdháileadh ar phaisinéirí i ngach aicme cábáin,

pax_c = an líon paisinéirí i ngach aicme cábáin.

(6) Déantar astaíochtaí an phaisinéara choibhéisigh den aicme cábáin is ísle a leithdháileadh ansin ar gach paisinéir go comhréireach lena fhachtóir aicme cábáin:

Astaíochtaí aicme cábáin in aghaidh an phaisinéara (CC_{ef})

$CC_{ef} = \frac{E_c}{LE_{eq}} \times CCF$, in kg CO_2eq/pax

Astaíochtaí aicme cábáin in aghaidh an chiliméadair paisinéara (CC_{ei})

$CC_{ee} = \frac{CC_{ef}}{R}$, in g CO_2eq/pkm.

IARSCRÍBHINN III

TEIMPLÉID CHUN LIPÉID A THAISPEÁINT


1. Comhlíonfaidh lógó an lipéid na ceanglais seo a leanas:

(a) Ní mór ceann de na leaganacha thíos den lógó a úsáid, ag brath ar dhath an chúlra taobh thiar de, chun inrochtaineacht agus sothuigtheacht an dearaidh a áirithiú.

(a) Is é seo a leanas príomhleagan an lógó atá le húsáid nuair is féidir:



(b) Is é seo a leanas an leagan den lógó atá le húsáid ar chúlraí dorcha:



(c) Is é seo a leanas an lógó atá le húsáid ar chúlraí éadroma mura bhfuil an príomhleagan infheicthe go leor, mar shampla mar gheall ar easpa codarsnachta, agus sa chás sin amháin:



(b) Má tá go leor spáis ann, ní mór an focal 'Fíoraithe' a bheith ag gabháil le lógó an lipéid ar dheis. Ní mór é a stíliú i gcló trom Calibri agus i dteanga an úsáideora i gcónaí:

(a) Is é seo a leanas príomhleagan an lógó atá le húsáid nuair is féidir:



(b) Is é seo a leanas an leagan den lógó atá le húsáid ar chúlraí dorcha:



(c) Is é seo a leanas an lógó atá le húsáid ar chúlraí éadroma mura bhfuil an príomhleagan infheicthe go leor, mar shampla mar gheall ar easpa codarsnachta, agus sa chás sin amháin:




(c) Ní mór an dath seo a leanas a úsáid do lógó an lipéid agus don téacs a ghabhann leis:

(i) gorm #034EA2;


(ii) buí #FFCB04.

(d) Is i dteanga an úsáideora a thaispeánfar an phríomhthaispeántas dá dtagraítear i bpointe 2 i gcónaí (is chun críoch léirithe a úsáidtear an leagan Béarla anseo) agus comhlíonfaidh sé an leagan amach seo a leanas:


(a) nuair is féidir:



(b) ar chúlraí dorcha:




(c) ar chúlraí éadroma mura bhfuil an príomhleagan infheicthe go leor, mar shampla mar gheall ar easpa codarsnachta, agus sa chás sin amháin:




(e) I gcás nach bhfuil dóthain spáis ann chun ceanglais na míre roimhe seo a chomhlíonadh, comhlíonfaidh an phríomhthaispeántas an méid seo a leanas:


(a) nuair is féidir:




(b) ar chúlraí dorcha:



(c) ar chúlraí éadroma mura bhfuil an príomhleagan infheicthe go leor, mar shampla mar gheall ar easpa codarsnachta, agus sa chás sin amháin:



(f) Comhlíonfaidh an taispeántas tánaisteach dá dtagraítear i bpointe 3 an leagan amach seo a leanas agus is i dteanga an úsáideora a thaispeánfar i gcónaí é agus beidh sé le feiceáil nuair a bheifear ar ainliú air nó nuair a chliceálfar ar an lógó nó ar an deilbhín faisnéise ('i') atá le feiceáil ar thaobh na láimhe deise den lógó sa phríomhthaispeántas:



(g) Tagrófar don lipéad mar an 'Lipéad Astaíochtaí Eitilte';

2. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas i gcónaí i bpríomhthaispeántas an lipéid taobh leis an lógó:

(a) i gcás eitiltí paisinéirí, na hastaíochtaí aicme cábáin in aghaidh an phaisinéara, in kg CO_2eq/pax. Nuair atáthar ag eitilt le naíonáin suas le 24 mhí d'aois ar ucht duine fhásta agus úsáid á baint as crios sábhála do naíonán, is éard a bheidh sna hastaíochtaí cábáin a bhfuil coinne leo in aghaidh an phaisinéara astaíochtaí an duine fhásta amháin;

(b) i gcás eitiltí nach n-iompraíonn ach lasta, ag féachaint d'Airteagal 9, na hastaíochtaí eitilte in aghaidh an tonna, in kg CO_2eq/t;

(c) leagan mionscála de lógó an lipéid, mar a leagtar amach i bpointe 1(b);

(d) an comparáid choibhneasta, mar chéatadán, idir na hastaíochtaí a liostaítear i bhfophointí (a) nó (b) agus tagarmharc atá le forbairt ag an nGníomhaireacht bunaithe ar an bhfeidhmíocht thipiciúil bhreathnaithe ar an mbealach nó ar bhealaí inchomparáide. Féadfar dath glas a úsáid chun difríocht dhiúltach a léiriú agus dath dearg chun difríocht dheimhneach a léiriú i gcomparáid leis an meán;

(e) deilbhín, arna stíliú mar dheilbhín faisnéise ('i'), chun an taispeántas tánaisteach a oscailt.

3. Áireofar an fhaisnéis bhreise seo a leanas ar thaispeántas tánaisteach an lipéid:

(a) ainm an oibreora aerárthaí;

(b) an bealach, arna shainiú de réir ainmneacha an aerfoirt imeachta agus an aerfoirt teachta;

(c) fad an bhealaigh, i gciliméadair;

(d) i gcás eitiltí paisinéirí, na hastaíochtaí aicme cábáin in aghaidh an chiliméadair paisinéara, in kg CO_2eq/ciliméadar paisinéara;

(e) i gcás eitiltí nach n-iompraíonn ach lasta, ag féachaint d'Airteagal 9, na hastaíochtaí eitilte in aghaidh an tonna-ciliméadair, in kg CO_2eq/tonna-ciliméadar;

(f) astaíochtaí saolré breoslaí eitlíochta, in kg CO_2eq/MJ;

(g) an comparáid choibhneasta, mar chéatadán, idir na hastaíochtaí a liostaítear i bpointí 2(a) agus 3(d), nó 2(b) agus 3(e), agus 3(f), agus tagarmharc atá le forbairt ag an nGníomhaireacht bunaithe ar an bhfeidhmíocht thipiciúil bhreathnaithe ar an mbealach nó ar bhealaí inchomparáide. Féadfar dath glas a úsáid chun difríocht dhiúltach a léiriú agus dath dearg chun difríocht dheimhneach a léiriú i gcomparáid leis an meán;

(h) tréimhse bhailíochta an lipéid, lena n-áirítear a lá deireanach bailíochta;

(i) Hipearnasc chuig an Lipéad Astaíochtaí Eitilte sonrach arna óstáil ar an suíomh gréasáin arna bhunú faoi Airteagal 8, arna stíliú mar www.flightemissions.eu.

4. Comhlíonfaidh taispeántas an lipéid na sonraíochtaí teicniúla seo a leanas le linn a thréimhse bailíochta:

(a) taispeánfar í i bhformáid atá inléite ag meaisín agus inrochtana;

(b) chun an fhaisnéis atá i bpríomhthaispeántas an lipéid a thaispeáint, ní bheidh idirghníomhaíocht paisinéara ag teastáil;

(c) beidh cineál cló (Calibri) agus méid an lipéid a úsáidfear soiléir agus inléite;